# An Fómhar a' Caint

Is mise an fómhar. Deir daoine gur mise an séasúr is deise des na séasúir ar fad, mar cuirim dathanna deasa ar dhuilleoga na gcrann. Bíonn na duilleoga dearg agus buí agus órga agus is deas le daoine a bheith a' féachaint orthu.

"Fómhar na flúirse" a tugtar orm, mar nuair a bhím-se i réim sa tír bíonn flúirse bídh ag gach duine agus ag gach ainmhí agus ag gach éan. Bíonn na barraí go léir aibidh. Bíonn na crainn úll a' lúbadh fé thorthaí deasa milse. Bíonn féar glas sna páirceanna agus bíonn sceachóirí agus áirní agus sméara dubha ann go flúirseach.

Tugaim aimsir bhreá liom i dtosach. Bíonn an ghrian a' taitneamh go glórmhar sa lá, agus bíonn gealach mhór bhuí ann go luath sa tráthnóna, ionas go mbíonn lá breá fada ag an bhfeirmeoir chun a chuid oibre a dhéanamh. Ach tugaim gaoth chruaidh liom i gceann tamaill. Scuabaim na duilleoga des na crainn agus bíd lom ar fad nuair a thagann an geimhreadh.

Is maith liom a bheith a' féachaint ar na feirmeoirí a' baint na mbarraí agus á mbailiú isteach san iothlainn i gcomhair laethanta loma an gheimhridh. Bíonn cuid des na hainmhithe a' bailiú chomh maith. Bíonn an t-iora rua a' bailiú cnóite agus á gcur i dtaisce mar lón geimhridh dó féin. Déanann an seangán agus an luch tuaithe bia a bhailiú dóibh féin chomh miath. Tá ciall agus tuiscint aige's na hainmhithe sin.

### Ceisteanna

1. Scríobh síos míonna an fhómhair.
2. Cad iad na dathanna a bhíonn ar dhuilleoga na gcrann sa bhfómhar?
3. Cad 'na thaobh go dtugtar "fómhar na flúirse" ar an séasúr san?
4. Conas a bhíonn na barraí sa bhfómhar?
5. Ainmnigh na crainn (nó toir) go bhfásann sceachóirí, áirní agus sméara dubha orthu.
6. Solas is ea gealach. Cad as a thagann gealach?
7. Conas a bhíonn na crainn nuair a bhíonn na duilleoga imithe díobh?
8. Ainmhithe is ea an t-iora rua agus an luch tuaithe. Cad a thabharfá ar an seangán?
9. Cá mbíonn an t-iora rua i rith an gheimhridh?
10. Ainmnigh cúig cinn eile de thorthaí a bhíonn aibidh sa gheimhreadh seachas na cinn atá sa scéal.

## Obair le Déanamh

Faigh na focail sna céarnóga so. Tosnaigh i gcúinne amháin, gluais i dtreo an chloig agus críochnaigh sa lár:

| | | |
|---|---|---|
| i | l | l |
| á | r | i |
| t | i | ú |

| | | |
|---|---|---|
| o | g | f |
| e | a | u |
| n | n | i |

| | | |
|---|---|---|
| t | a | i |
| m | h | t |
| a | e | n |

| | | |
|---|---|---|
| o | g | d |
| e | a | u |
| l | l | i |

| | | |
|---|---|---|
| h | i | t |
| m | e | h |
| n | i | a |

| | | |
|---|---|---|
| a | c | h |
| é | t | a |
| f | n | i |

## An tIora Rua



Bhí Ide agus Peadar ar a laethanta saoire fén dtuaith agus tráthnóna amháin sa bhfómhar, i ndeireadh Lúnasa, chuadar a' siúl trés na goirt le Micil. Seanduine ab ea Micil agus bhí sé ag obair d'úncail na bpáistí le blianta fada.

"Bhfaca sibh riamh iora rua?" arsa Micil leo.

"N'fhacamar," arsa Íde.

"Tá cúpla ceann acu sa choill seo in aice linn," arsa Micil.

"Bhreá liom iad a dh'fheiscint," a dúirt Peadar.

"Má fhanann sibh ciúin anso taobh thiar don gclaí b'fhéidir go bhfeicfimís ceann," arsa Micil.

Chrom an triúr síos agus ní raibh focal astu. Níorbh fhada go bhfacadar dhá iora rua chucu. A' súgradh ar a' dtalamh a bhíodar ar dtúis. Ansan thosnaíodar a' dreapadh an chrainn díreach os comhair na bpáistí.

Stadadar ar feadh tamaill agus fuair an triúr radharc breá orthu. Ní fhéadfadh Íde gan na súile móra, dubha a thabhairt fé ndeara. Thug sí fé ndeara chomh maith na cluasa cruinne, na fiacla géara agus an t-eireaball mór scuabach.

"Ó, féach ar a shrón a' preabadh," arsa Peadar agus é a' briseadh amach a' gáirí.

Leis sin theith an dá iora leo, a' luascadh ó ghéag go géag. Bhí ionadh ar na leanaí nuair a chonaiceadar an fhaid a léim an t-iora, cúig mhéadar nó mar sin agus bhíodar 'mithe ó radharc i bpreabadh na súl.

"Is mór an trua go gcuireas an ruaig orthu," arsa Peadar. "Ach, chaitheas tosnú a' gáirí nuair a chonac an tsrón a' preabadh."

"Ná bac san", arsa Micil. "Raghaimíd isteach sa choill anois agus cífimíd áit chónaithe an iora."

Isteach leo sa choill. Thaispeáin Micil nead an iora dóibh i bpoll crainn. Bhí an nead déanta de chipíní, duilleoga tirime agus píosaí de choirt crainn. Bhí líneáil de chaonach agus de thuí taobh istigh den nead.

"Nach breá cluthair an nead atá acu," arsa Íde.

"Caithfidh an nead a bheith cluthair," arsa Micil. "Caitheann roinnt iora an geimhreadh ar fad sa nead so agus bíonn cosaint acu ó bháisteach, gaoth agus sneachta. Bíonn an nead ar chraobh an chrainn chomh maith agus bíonn díon i gcónaí uirthi."

"An mbíonn an t-iora rua 'na chodladh i rith an gheimhridh ar fad?" arsa Peadar.

"Ní bhíonn go deimhin. Ach bíonn lón geimhridh de chnónna bailithe aige agus é i bhfolach aige i bpoll sa talamh, i gcrann nó sa nead féin."

"Cad eile a dh'itheann an t-iora rua?" arsa Íde.

"Itheann sé caora, arbhar, torthaí, cnónna, beacáin agus síolta," arsa Micil, "ach 's iad na cnónna amháin a bhíonn aige sa gheimhreadh."

"Bhfuil an t-iora rua cliste?" arsa Peadar.

"Deir daoine go bhfuil." arsa Micil. "Is féidir leis a lapaí tosaigh a dh'úsáid mar lámha agus is snámhóir maith é."

"Cad é an gleo ar fad a bhí ar siúl acu agus iad a' dreapadh an chrainn?" arsa Íde.

"Bíonn na hioraí rua a' tabhairt féna chéile nuair a bhíonn siad ag obair," a dúirt Micil leo. "Ba dhóigh leat go rabhadar chun a chéile a mharú agus bíonn gleo a' domhain acu."

"An mbainfeadh an t-iora greim asat?" a dh'fhiosraigh Peadar.

"Ó bhainfeadh go deimhin," a dúirt Micil. "Agus d'fhéadfadh sé seo bheith contúrach, mar deirtear go mbíonn frídín den ngalar rabies á iompar aige."

"Tá gach eolas agat fés na hainmhithe," arsa Íde le Micil.

"An té go bhfuil a shaol caite aige a' tabhairt aire dhóibh," arsa Micil, "is fuirist do an t-eolas so a bheith aige."

## Ceisteanna

1. Scríobh míonna an fhomhair.
2. Ainmnigh dhá rud a dhéan na hioraí.
3. Cad a thug Íde fé ndeara i dtaobh an iora rua?
4. Thosnaigh Peadar a' gáirí. Cad 'na thaobh?
5. Conas a theith an dá iora?
6. Cén fhaid is féidir le hiora léimt ó ghéag go géag?
7. Cad as a bhíonn nead an iora déanta?
8. Cá mbíonn an nead aige?
9. Cad a dh'itheann an t-iora rua?
10. Bhfuil aon chontúirt a' baint leis an iora rua?

## Lúbra Focal

Faigh 16 focal a bhaineann leis an scoil sa lúbra focal seo:

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| m | f | é | i | l | i | r | e | f | a | b | a |
| á | c | d | g | l | a | n | t | ó | i | r | r |
| l | e | o | f | n | a | d | c | h | c | d | f |
| a | i | r | g | g | s | ó | l | c | c | b | ó |
| c | l | á | r | d | u | b | h | ú | e | r | c |
| r | c | g | a | d | c | f | l | d | l | c | r |
| u | d | r | h | c | c | r | f | d | d | t | i |
| i | r | e | b | m | l | g | n | a | r | g | ó |
| n | o | a | a | c | r | i | d | i | d | f | l |
| n | b | n | e | c | d | r | a | a | m | n | a |
| e | r | n | l | r | c | c | d | c | g | f | i |
| o | c | r | u | i | n | n | e | o | g | c | r |

# An Fhiúise sa bhFómhar

Níl radharc chomh deas leis a' bhfiúise fé bhláth le feiscint i dtosach an fhomhair. Tá Corca Dhuibhne lán don bplanda álainn seo. Ó Abhainn a' Scáil siar amach go Dún Chaoin agus i gClochán Bhréanainn, is í seo tír na fiúise.

Ar dhá thaobh a' bhóthair tá sí crochta mar a bheadh dhá chuirtín, 'na slaoda borba glasa, agus í ar lasadh le siogairlíní dearga atá ar sileadh 'na mílte léi. An áit a mbeadh coll nó féithleann in áiteanna ar fud na tíre, is í an fhiúise atá le fáil agat san áit seo.

Tá sí a' fás ar a' gclaí teorann, ar bhruach a' tsrutháin, ar thaobh na síne don dtigh, a' déanadh fothana don nduine agus don ainmhí. Deireadh na seandaoine riamh ná raibh aon áit is fearr a dh'oir di ná cois na farraige, nó in áit a mbeadh boladh na farraige le fáil aici.

Nil aon radharc ach í nuair a bhíonn sí fé bhláth agus níl aon bhreith ag aon ní uirthi chun meala.

Níl aon dabht ná go mbíonn an fhiúise i mbláth a maitheasa sa bhfómhar. Is fuirist an mhil a chrú aisti chomh maith. Ní gá dhuit ach na siogairlíní a phiocadh agus an phlaosc a bhrú. Tagann deoir mhór mheala anuas ar do bhois. Nó is féidir an siogairlín a dh'oscailt agus an mhil a dhiúgadh as led theanga. Caithfidh tú siogairlín breá folláin a phiocadh, áfach, nó beidh tú gan mhil. Bíonn na beacha agus feithidí eile ar thóir na meala chomh maith! Ní haon áibhéil a rá go bhfaighfeá lán spiúnóige de mhil as dosaen éigin ceann acu nuair a bheidís aibidh i gceart agus bliain mhaith a bheith tagtha orthu.

Tá ainm na meala so in áirde, agus níl aon mhil eile ar a' margadh, a déarfainn, is daoire ná í. Is iontach an obair, mar sin féin, gurb é do dhícheall oiread agus aon choirceog bheach amháin a dh'fháilt sa cheantar so.

Tugtar Deora Dé leis ar a' bhfiúise agus Deora Muire. Thugadh daoine an sucaí ar an siogairlín dearg chomh maith.

Fuair an fhiúise a hainm ón luibheolaí agus lia Gearmánach, Leonhard Fuchs.



— *Sliocht as* Na hÁird Ó Thuaidh
*le Pádraig Ua Maoileoin.*

**Ceisteanna**


1. Cuir síos ar mhaitheas na fiúise.
2. Ainmnigh plandaí eile go mbíonn bláthanna deasa a' fás orthu.
3. Tabhair ainmneacha na bplandaí eile a luaitear sa scéal.
4. Cad é an áit is fearr 'na bhfásann an fhiúise?
5. Cuirtear ionadh ar an údar i dtaobh na fiúise. Cad é?
6. Mínigh: an claí teorann; dosaen; coirceog.
7. Abair i slí eile; níl aon radharc ach í; níl aon bhreith ag aon ní uirthi; tá ainm na meala so in áirde.

## Obair le Déanamh

Cuir **Má** nó **Dá** i ngach ceann dos na habairtí so:

1. ___ bhí sé ann, n'fhaca-sa é.
2. ___ mbeadh sí ann, chífinn í.
3. ___ thagann tú in am, beidh sé le fáil agat.
4. ___ mbeadh saoire agam, ní anso a bheinn.
5. ___ chíonn tú Pol, tabhair do é seo.
6. ___ dh'itheann tú an t-úll san, beidh tú breoite.
7. ___ ndéanfá an obair, gheofá an t-airgead.
8. ___ bhíonn tú a' caint lei, abair lei go rabhas a' cur a tuairisc.
9. ___ bhfaighfeá an duais, bheadh áthas ar do mháthair.
10. ___ dh'éiríonn liom sa scrúdú, bead ar mhuin na muice.

## Crosfhocal




ANUAS

1. An cluiche a imríonn John McEnroe.
2. Deirfiúr d'athair.
3. An duine a shéideann 10 trasna ag cluiche.
4. Ní dhéanfaidh mé crosfhocal go --- arís.
6. An cailín; -- cailíní.
8. Léann an fear seo an tAifreann.
11. Tá Áine ag -- cupán caifé.
14. Bhí sé -- tsiopa.
15 Malairt 'Ní hea'.
17. Níl sé láidir.

TRASNA

1. Imríonn tú peil léi,
5. D'fheach mé i mo sparán ach ní raibh pingin ---.
7 Briseadh (nó scíth) ón obair.
9. Gorm nó dearg nó buí.
10. Séideann tú an rud seo.
12. Bhí an cluiche go hiontach, --- dabht.
13. Cuireann tú in inneal ghluaisteáin é.
14. Ó thuaidh, ó dheas, soir agus ——.
15. An cluiche a imríonn Niall Quinn.
16. Aiste an-ghairid.
18. Tuismitheoir amháin.
19. Scata ban, scata --.
20. 6 Anuas.

# Na Sméara Dubha

Dé Sathairn seo caite chuaigh mam, daid, Eoin agus Fíona amach a' piocadh sméara dubha. D'fhágadar an tigh ar a deich a chlog agus thugadar a n-aghaidh ar na goirt.

"Féach, a mham," arsa Eoin. "Tá sméara breátha anso ar thaobh a' bhóthair."

"Ná bac leo san, a gharsúin," a dúirt mam. "Bíonn smúit agus salachar an bhóthair orthu san."

Thosnaíodar a' piocadh ar a ndícheall nuair a thángadar go cúinne 'na raibh sméara dubha go flúirseach a' fás ar na sceacha ann.

Bhí cannaí stáin ag an gceathrar agus bhíodar a' líonadh go tiubh. Ach amháin canna Eoin! Bhí súil ghéar á choimeád ag daid ar Eoin agus do gach sméar a chuir sé sa channa d'ith sé dhá cheann. Ní hionadh go raibh a phus, a lámha agus fiú amháin an t-léine a bhí air chomh dubh le gual.

Nuair a bhí na cannaí lán, chaitheadar na sméara ar fad isteach i mála plaisteach agus ar aghaidh leo go taobh eile an ghoirt.

Chonaic Eoin tarbh, mar a cheap sé, i ngort eile. Thosnaigh sé a' déanamh aithris ar a' dtarbh agus ba dhóbair go maródh daid é.

"Sin é an buachaill a thabharfadh fút go tapaidh," arsa daid. "Is fearr i gcónaí gan cur isteach ná amach ar a leithéid."

Thugadar a n-aghaidh ar a' mbaile ar a haon a chlog agus ualach mór sméar acu. Mheáigh mam iad nuair a bhaineadar an tigh amach agus dhéan sí amach go raibh a ndóthain do dheich bpúint subh acu.

Is ansan a thosnaigh an obair. Fuair daid an pota mór agus ghlan é. Nigh Eoin na sméara dubha agus fuair Fíona an siúcra. Bhí ana-chuid prócaí bailithe ag mam i rith na bliana agus thóg sí as a' gcófra iad chun iad a ní.

Nuair a bhí na sméara sa phota, chuir mam siúcra orthu agus chuir ar an sorn iad. Thug sí an spúnóg adhmaid d'Eoin chun na sméara a chorraí.



"O a mham," arsa Fíona, "ná lig dó an spúnóg a chur 'na bhéal, nó ní íosfaidh éinne an subh 'na dhiaidh."

"Ní baol san," a dúirt mam. "Bead-sa a' faire air."

I gceann fiche nóimint bhí an meascán sa phota ar fiuchadh agus Eoin a' corraí ar a dhícheall. Bhí na prócaí nite ag mam agus Fíona.

"Tá gach rud ullamh anois," arsa mam. "Líonfaimíd na prócaí."

Dhéanadar é sin agus bhí deich bpróca subh acu.

Is ansan a chuir Eoin an spúnóg adhmaid 'na bhéal.

"Stad, a dhiabhailín," arsa mam agus bhain sí an spúnóg de agus chuir sa doirteal í. Ansan thug sí slios aráin an duine d'Fhíona agus d'Eoin agus subh na sméar orthu.

"O, a mham," arsa an bheirt. "Tá sé go hálainn ar fad."!

## Ceisteanna

1. Cá bhfásann na snéara dubha?
2. Cad 'na thaobh nach ceart sméara a phiocadh ar thaobh a' bhóthair?
3. Conas a bhailíodar na sméara?
4. Bíonn dhá dhath eile ar na sméara sul a mbíonn siad dubh. Cad iad?
5. Cad a bhí Eoin a' déanamh i ngan fhios?
6. Conas a thugadar na sméara abhaile?
7. Thosnaigh Eoin a' pleidhcíocht. Cad a bhí ar siúl aige?
8. Conas a dhéanadar an subh?
9. Ní raibh Fíona sásta le corraí na sméar. Cad 'na thaobh?
10. Conas a bhlaiseadar an subh?

## Obair le Déanamh

Scríobh amach iad so agus fág amach na lúibíní:

muintir (an chathair);
olann (an chaora);
a' scríobh (an litir);
trasna (an abhainn);
caint (an mháthair);

cos (an chathaoir);
geata (an mhainistir);
stáisiún (an traein);
airgead (an t-athair);
muintir (Éire).